# LE CHÉILE AR MHAITHE LE CEARTA

#EUDisabilityRights
#UnionOfEquality



An Coimisiún Eorpach

## AN STRAITÉIS LE HAGHAIDH CEARTA DAOINE FAOI MHÍCHUMAS

*Tá thart ar 87 milliún duine le míchumas de shaghas éigin san Aontas Eorpach.*

Mar sin féin, in ainneoin an dul chun cinn atá déanta i réimsí áirithe, tá bacainní suntasacha fós roimh dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain a fháil ar chúram sláinte, ar oideachas, ar fhostaíocht, ar ghníomhaíochtaí fóillíochta agus ar rannpháirtíocht sa saol polaitiúil. Ní hamháin gur ábhar imní í an tsaincheist seo do dhaoine faoi mhíchumas nó do ghrúpaí abhcóideachta ach don tsochaí ina hiomláine.

Cuireann an feachtas **Le Chéile ar mhaithe le Cearta Aontas Comhionannais** fíor chun cinn ina bhfuil cearta ag gach duine faoi mhíchumas agus ina maireann siad ar aon chéim le daoine eile.



> *“Is í an sprioc atá againn caighdeán beatha daoine faoi mhíchumas a fheabhsú san AE agus níos faide i gcéin. Ní mór dúinn a gcearta a áirithiú, colún tábhachtach sa phróiseas chun Aontas comhionannais a bhaint amach.”*
>
> **Helena Dalli, an Coimisinéir Eorpach um Chomhionannas**

**28.4%** de dhaoine faoi mhíchumas i mbaol bochtaineachta agus eisiamh sóisialta i gcomparáid le **18.4%** de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas

**4x níos mó** daoine nach bhfuil freastal déanta ar riachtanais chúraim sláinte s’acu atá faoi mhíchumas ná daoine nach bhfuil faoi mhíchumas. Cabhróidh an straitéis seo agus bearnaí eile a dhúnadh.

*Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú*

KE-07-22-294-GA-N

## CAD ATÁ Á DHÉANAMH AG AN AONTAS EORPACH CHUN CABHRÚ LE DAOINE ATÁ FAOI MHÍCHUMAS?

I mí an Mhárta 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas idir 2021 agus 2030. Tá sé mar aidhm aige a chinntiú maidir le gach duine atá faoi mhíchumas:

- Gur féidir leo lánúsáid a bhaint as a gcearta daonna.
- Comhdheiseanna agus rochtain chomhionann a bheith acu chun páirt a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar.
- cinneadh a dhéanamh cá háit, conas agus cé lena bhfuil cónaí orthu.
- gluaiseacht gan bhac san Aontas Eorpach.
- Nach ndéantar idirdhealú orthu a thuilleadh.

Leis an straitéis, déanfar athruithe dearfacha ar shaol daoine faoi mhíchumas, mar shampla:

- Togra le haghaidh **Chárta Míchumais Eorpach do gach tír san Aontas** faoi dheireadh 2023. Éascóidh an cárta saorghluaiseacht daoine faoi mhíchumas, rud a éascóidh dóibh rochtain a fháil ar sheirbhísí cibé áit san AE atá siad.
- **Lárionad Eorpach Acmhainní (AccessibleEU)** a chruthú le go mbeidh tíortha na hEorpa in ann oibriú le chéile chun rudaí a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.

Is í an straitéis sin creat an Aontais do ghníomhaíochtaí chun sochaí níos cothroime a chruthú. Tá gníomhaíochtaí nithiúla ann chun a chinntiú go mbeidh daoine faoi mhíchumas in ann a gcearta a éileamh. Ní féidir leis an gCoimisiún Eorpach é sin a bhaint amach leis féin; tá gá le tiomantas ó gach tír agus le tacaíocht uainn uile. Rud atá tábhachtach, ní thiocfaidh athrú ach amháin má tá na daoine a bhfuil tionchar díreach orthu páirteach, daoine faoi mhíchumas.

Shínigh an tAontas Eorpach agus a bhallstáit uile Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas. Ciallaíonn sé sin nach mór do gach tír san AE cearta daoine atá faoi mhíchumas a chosaint.

**Ní mór dúinn oibriú le chéile lena chinntiú go mbeidh cearta agus deiseanna comhionanna ag daoine faoi mhíchumas.**

## EOLAS FAOIN BHFEACHTAS

Forbraíodh an tionscnamh Le Chéile ar mhaithe le Cearta i gcomhairle le lucht tacaíochta ó eagraíochtaí Eorpacha um mhíchumas agus a gcomhaltaí.

Cuirfear i bhfeidhm é ar líne go dtí mí an Mhárta 2023 i gcomhpháirtíocht le 27 saoránach ('Cosantóirí') ó gach cearn den Eoraip a bhfuil míchumais éagsúla orthu.

Tá an feachtas eagraithe mórthimpeall sé théama a thugann aghaidh ar shaincheisteanna ar leith a bhaineann le cearta míchumais.

1. **LE CHÉILE AR MHAITHE LE CEARTA – TÚS A CHUR LEIS AN BHFEACHTAS**
2. **LE CHÉILE AR MHAITHE LE CULTÚR, FÓILLÍOCHT AGUS SPÓIRT CUIMSITHEACH**
3. **LE CHÉILE AR MHAITHE LE HOIDEACHAS CUIMSITHEACH AGUS DO DHEISEANNA OIBRE**
4. **LE CHÉILE AR MHAITHE LE MAIREACHTÁIL NEAMHSPLEÁCH**
5. **LE CHÉILE AR MHAITHE LE RANNPHÁIRTÍOCHT – MAIDIR LEIS AN GCEART CHUN VÓTÁLA AGUS MAIDIR LE SEASAMH I DTOGHCHÁN**
6. **LE CHÉILE AR MHAITHE LE HINROCHTAINEACHT – SA SAOL FÍORÚIL NÓ FISICIÚIL**

### BÍ LINN!

Tá do rannpháirtíocht agus do thacaíocht ríthábhachtach. Is féidir leat solas a tharraingt ar na bacainní atá ann cheana do dhaoine faoi mhíchumas agus cabhrú iad a bhaint. Tá súil againn go mbeidh tú linn i gcur chun cinn chearta na ndaoine faoi mhíchumas trí leabharmharcáil a dhéanamh ar shuíomh gréasáin an fheachtais, trí **shíniú suas lenár liosta seachadta** chun an nuacht is déanaí a fháil faoi bhfeachtas, agus trí ábhar ár **gCosantóirí náisiúnta** a roinnt agus trí thrácht a dhéanamh air ar na meáin shóisialta. Bí linn chun an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht shaoránaigh uile an Aontais!

Lean sinn ar na meáin shóisialta agus glac páirt sa chomhrá ag baint úsáid as na haischlibeanna #EUDisabilityRights agus #UnionOfEquality

facebook.com/SocialEurope
twitter.com/@EU_Social
youtube.com/EuropeSocial

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022

ISBN: 978-92-76-52835-7
doi:10.2767/27221
© An tAontas Eorpach, 2022
GA